



An Bhruiséal, 24 Bealtaine 2022
(OR. fr)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0801(NLE)**

9351/1/22
REV 1

LIMITE

AGRILEG 77
DENLEG 37
SAN 279
CONSUM 128
RECH 263
MI 415
FOOD 34

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle
Ábhar:	CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha ar Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia a dhéanann ionadaíocht do leasanna na sochaí sibhialta agus earnáil an bhiashlabhra

1. Le Rialachán (AE) 2019/1381¹ maidir le trédhearcacht agus inbhuanaitheacht mheasúnú an Aontais ar rioscaí sa bhiashlabhra, modhnaíodh na forálacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002², go háirithe Airteagal 25(1) de maidir le comhdhéanamh Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA).
2. I gcomhréir le hAirteagal 25(1a), pointe (c) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, beidh ar Bhord Bainistíochta EFSA ceathrar comhaltaí agus ceathrar comhaltaí malartacha a mbeidh ceart vótála acu agus a dhéanfaidh ionadaíocht ar leasanna na sochaí sibhialta agus earnáil an bhiashlabhra.

¹ Rialachán (AE) 2019/1381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le trédhearcacht agus inbhuanaitheacht mheasúnú an Aontais ar rioscaí sa bhiashlabhra lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003, Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004, Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, Rialachán (AE) 2015/2283 agus Treoir 2001/18/CE (IO L 231, 6.9.2019, lch. 1).

² Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

3. An 30 Meitheamh 2022, rachaidh téarma oifige chomhaltaí sin Bhord Bainistíochta EFSA atá i seilbh oifige ar an dáta sin, in éag. Ní mór comhaltaí an Bhoird Bainistíochta nua a cheapadh agus a ainmniú i gcomhréir leis na rialacha nua ionas go bhféadfar tús a chur lena dtéarma oifige an 1 Iúil 2022.
4. An 21 Eanáir 2022, chuir an Coimisiún liosta iarrthóirí faoi bhráid na Comhairle a roghnaíodh chun na comhaltaí thuasluaite a cheapadh³.
5. An 28 Eanáir 2022, d'iarr an Chomhairle ar Pharlaimint na hEorpa a tuairim a chur faoi bhráid na Comhairle a luaithe is féidir, agus tráth nach déanaí ná an 28 Aibreán 2022.
6. An 2 Márta 2022, d'fhorghuigh Coiste na mBuanionadaithe an nós imeachta roghnúcháin don cheapachán reatha⁴.
7. An 13 Bealtaine 2022, i bhfianaise na sonraí a fuarthas ó na toscaireachtaí agus i gcomhréir leis an nós imeachta roghnúcháin a d'fhorghuigh Coiste na mBuanionadaithe, shainaithin Ardrúnaíocht na Comhairle na hiarrthóirí ag a bhfuil an líon is airde moltaí.
8. An 18 Bealtaine 2022, d'eisigh Parlaimint na hEorpa a tuairim⁵.
9. Iarrtar an méid seo leanas ar Choiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) dá bhrí sin:
 - na hionadaithe atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a fhorghuigh;
 - a mholadh don Chomhairle an Cinneadh lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha ar Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia, a dhéanann ionadaíocht do leasanna na sochaí sibhialta agus earnáil an bhiashlabhra, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, mar a leagtar amach in 9123/22 é, tar éis do na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch a chur ar an téacs;
 - a mholadh don Chomhairle cinneadh a dhéanamh an Cinneadh a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

³ 5581/22

⁴ 6306/22

⁵ 8971/22

**CEAPACHÁN COMHALTAÍ AGUS COMHALTAÍ MALARTACHA AR
BHORD BAINISTÍOCHTA AN ÚDARÁIS EORPAIGH UM SHÁBHÁIL TEACHT BIA A
DHÉANANN IONADAÍOCHT DO LEASANNA NA SOCHAÍ SIBHIALTA AGUS
EARNÁIL AN BHIASHLABHRA**

Ceapacháin mar ionadaithe d’eagraíochtaí tomhaltóirí don tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2026:

- Floriana CIMMARUSTI (comhalta),
- Eleni IOANNOU-KAKOURI (comhalta malartach).

Ceapacháin mar ionadaithe d’eagraíochtaí cosanta comhshaoil neamhrialtasacha don tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2026:

- Xavier GABARRELL DURANY (comhalta),
- Apolline ROGER (comhalta malartach).

Ceapacháin mar ionadaithe d’eagraíochtaí feirmeoirí don tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2026:

- Annette TOFT (comhalta),
- Maira DZELZKALĚJA BURMISTRE (comhalta malartach).

Ceapacháin mar ionadaithe d’eagraíochtaí tionsclaíochta don tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2026:

- Rebeca FERNANDEZ (comhalta),
- Dimitrios LADIKOS (comhalta malartach).